Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7496/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0060(NLE)**

**RECH 125**
**ATO 12**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Márta 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 111 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le glacadh chlár taighde forlíontach 2024-2027 an imoibritheora ardfhlosca in Petten, a bheidh le cur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 111 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 111 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.3.2025
COM(2025) 111 final

2025/0060 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le glacadh chlár taighde forlíontach 2024-2027 an imoibritheora ardfhlosca in Petten, a bheidh le cur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An t-imoibritheoir ardfhlosca: is suiteáil taighde é atá lonnaithe in Petten (an Ísiltír) agus a chuirtear ar fáil don Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (CEFA), arna ionadú ag an gCoimisiún, i gcomhréir le comhaontú a tugadh i gcrích le Ríocht na hÍsiltíre in 1961 ar feadh 99 mbliana. Faoin gcomhaontú sin thug an Coimisiún gealltanas, thar ceann an Chomhphobail, na saoráidí is gá a thógáil agus trealamh breise a sholáthar ionas go mbainfear "an úsáid is fearr is féidir" as na saoráidí sin (lena n-áirítear an t-imoibritheoir ardfhlosca). Ó 1967 i leith tá oibriú an imoibritheora curtha de chúram ag an gCoimisiún agus ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde ar an oibreoir NRG – *Nuclear Research and consultancy Group* – ón Ísiltír faoi chonradh comhoibriúcháin bunaithe ar an gcomhaontú maidir leis an suíomh a tugadh i gcrích in 1961.

Reáchtáladh an t-imoibritheoir ardfhlosca mar chlár de chuid an Chomhphobail go dtí 1971, tráth ar iompaíodh é ina chlár forlíontach ar bhonn Airteagal 7 de Chonradh Euratom, lena gcomhtháthaítear na cláir de chuid an Chomhphobail a mhaoinítear ó bhuiséad an Chomhphobail. Ón uair sin i leith tá an t-imoibritheoir ardfhlosca á reáchtáil faoi chláir fhorlíontacha chomhleantacha a bhfuil Ballstáit éagsúla ag glacadh páirte iontu.

Tríd an gclár taighde forlíontach a mhaoiníonn dhá Bhallstát nó níos mó ná sin, soláthraíonn an t-imoibritheoir ardfhlosca flosc neodróin seasta iontaofa chun críoch turgnamhach. Is iad seo a leanas na réimsí a ndearnadh imscrúdú orthu faoi na cláir fhorlíontacha: ábhair núicléacha agus eolaíocht breosla a bhfuil sé d'aidhm acu feabhas a chur ar shábháilteacht na n-imoibritheoirí núicléacha (idir imoibritheoirí eamhnaithe agus imoibritheoirí comhleá), imscrúduithe maidir le haosú na n-imoibritheoirí agus lena saolré a bhainistiú, taighde maidir le timthriallta breosla forbartha agus bainistiú dramhaíola. Ina theannta sin, gníomhaíonn an t-imoibritheoir ardfhlosca mar shaoráid oiliúna inar féidir le comhaltaí dochtúireachta agus iardhochtúireachta a gcuid gníomhaíochtaí taighde a dhéanamh faoi scáth cláir náisiúnta nó Eorpacha.

An 29 Meitheamh 2020 a glacadh an clár forlíontach atá i bhfeidhm faoi láthair, clár a chumhdaíonn ceithre bliana (2020-2023) (Cinneadh 2020/960/Euratom ón gComhairle – IO L 211/14, 3.7.2020). Is é an tAirmheán Comhpháirteach Taighde a chuireann an clár chun feidhme ar son an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach. Is ó dhá Bhallstát rannpháirteacha, an Ísiltír agus an Fhrainc, a tháinig an ranníocaíocht le haghaidh chlár taighde forlíontach 2020-2023, agus b'fhiú EUR 854 mhilliún buiséad iomlán an chláir sin. Cuimsíonn an méid sin na forálacha a bhaineann leis na ranníocaíochtaí bliantúla i leith chiste díchoimisiúnúcháin an imoibritheora. An clár taighde forlíontach atá i bhfeidhm faoi láthair, rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2023.

Ina theannta sin, baintear úsáid as an imoibritheoir le haghaidh tháirgeadh tráchtála raidiseatóp (faoi fhreagracht an oibreora); leis sin cumhdaítear níos mó ná 65 % den 10 milliún diagnóis mhíochaine a dhéantar gach bliain san Eoraip. Is foinse sholáthair ríthábhachtach é le haghaidh cuideachtaí radachógais sa réimse sin. Thairis sin, a bhuí lena shuíomh, seachadtar táirgeadh an imoibritheora go tapa chuig lárionaid leighis na hEorpa. Tá sé sin ríthábhachtach i gcás na n-iseatóipí gearrshaolacha is mó úsáid faoi láthair.

An togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, baineann sé le clár nua 4 bliana le haghaidh oibriú an imoibritheora ardfhlosca (2024-2027) a bhunófar ar chion tairbhe ó NRG (thar ceann na hÍsiltíre) agus ó *Commissariat à l'énergie atomique et aux énergies alternatives* (CEA) (thar ceann na Fraince). EUR 26,815 mhilliún a bheidh sa ranníocaíocht le haghaidh chlár taighde forlíontach 2024-2027 le linn na tréimhse 4 bliana, ar choinníoll go leanfar den imoibritheoir ardfhlosca a oibriú agus a chothabháil go rialta. Cuimseoidh an méid sin na forálacha le haghaidh na ranníocaíochtaí bliantúla i leith chiste díchoimisiúnúcháin an imoibritheora. Má tharlaíonn sé, le linn na tréimhse 2024-2027, go dtabharfaidh an t-oibreoir NRG fógra oifigiúil maidir le dúnadh cinntitheach do na húdaráis náisiúnta sábháilteachta sula ndéantar staid chaomhnaithe shábháilte a dhearbhú, cuirfear na híocaíochtaí atá fós le déanamh chomh maith leis na glaonna ar chistí ón gCoimisiún ar fionraí.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

I gcruinniú a thionóil an Chomhairle an 27 Meitheamh 1996, dúirt sí gur féidir leis an imoibritheoir ardfhlosca rannchuidiú, ar bhonn maoiniú leordhóthanach, le forghníomhú chláir an Chomhphobail, bíodh sin i gcomhthéacs na gCreatchlár um Thaighde nó ná bíodh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

N/B

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 7 de Chonradh Euratom.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

N/B

- **Comhréireacht**

N/B

- **An rogha ionstraime**

N/B

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

N/B

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I measc na mBallstát a ndeachthas i gcomhairle leo i bhfianaise a gcuid gníomhaíochtaí taighde sa réimse núicléach, chomhaontaigh dhá Bhallstát (an Ísiltír agus an Fhrainc) rannchuidiú le maoiniú an imoibritheora ardfhlosca.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

N/B

- **Measúnú tionchair**

N/B

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

N/B

- **Cearta bunúsacha**

N/B

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Sa ráiteas airgeadais a ghabhann leis an gclár forlíontach nua sin, léirítear an ranníocaíocht a thiocfaidh ó dhá Bhallstát rannpháirteacha, mar atá an Ísiltír agus an Fhrainc. Is fiú EUR 26,815 mhilliún ranníocaíochtaí an dá Bhallstát sin le haghaidh na tréimhse 2024-2027. Áirithítear leis na méideanna sin, móide an t-ioncam tráchtála a bhfuiltear ag súil leis, go mbeidh buiséad oibriúcháin leordhóthanach ann chun costais thuartha an imoibritheora le linn na tréimhse 2024-2027 a chothromú. Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuimsítear sa bhuiséad forálacha le haghaidh dhíchoimisiúnú an imoibritheora, chomh maith le costais atá nasctha le tacaíocht ghinearálta leis an imoibritheoir ardfhlosca, le fóntais, le hárachais agus le bainistiú breosla spíonta.

Deimhníonn an Coimisiún an dearbhú a taifeadadh i miontuairiscí chruinniú na Comhairle an 27 Meitheamh 1996 ina deirtear gur féidir leis an imoibritheoir ardfhlosca rannchuidiú, ar bhonn maoiniú leordhóthanach, le forghníomhú chláir de chuid an Chomhphobail, bíodh sin i gcomhthéacs na gCreatchlár nó ná bíodh. Beidh an rannpháirtíocht sin ann ar bhonn iomaíoch nó i bhfoirm seirbhísí ionradaíochta a chuirfear ar fáil d'institiúidí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde le linn chur chun feidhme a ngníomhaíochtaí féin. Fágann sé sin nach ndéanfaidh an Coimisiún ranníocaíocht i leith chostas oibriúcháin an imoibritheora ardfhlosca le cistí óna bhuiséad institiúideach, lena n-áireofar aon chostas le haghaidh chothabháil nó dheisiú an imoibritheora.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Coinneofar Bord Gobharnóirí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde ar an eolas i dtaca le cur chun feidhme an chláir. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil chríochnaitheach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

N/B

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

N/B

2025/0060 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le glacadh chlár taighde forlíontach 2024-2027 an imoibritheora ardfhlosca in Petten, a bheidh le cur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 7 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eolaíoch agus Teicniúil,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is acmhainn thábhachtach é an t-imoibritheoir ardfhlosca in Petten le haghaidh thaighde an Chomhphobail ar eolaíochtaí ábhar, ar thástáil ábhar, ar mhíochaine núicléach agus ar shábháilteacht na n-imoibritheoirí i réimse an fhuinnimh núicléach.

(2) Tá sraith de chláir thaighde fhorlíontacha ann a thacaigh le hoibriú an imoibritheora ardfhlosca. An clár taighde forlíontach deireanach, a bunaíodh faoi Chinneadh (Euratom) 2020/960[1] ón gComhairle le haghaidh tréimhse 4 bliana, rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2023.

(3) Ós rud é go bhfuil tábhacht aige i gcónaí mar bhonneagar nach bhfuil a chomhshamhail le fáil le haghaidh thaighde an Chomhphobail i réimsí an fheabhsúcháin ar shábháilteacht na n-imoibritheoirí núicléacha, na sláinte (lena n-áirítear forbairt iseatóp míochaine le haghaidh taighde leighis), an chomhleá núicléach, an taighde bhunúsaigh, na hoiliúna agus an bhainistithe dramhaíola (lena n-áirítear an fhéidearthacht chun staidéar a dhéanamh ar iompraíocht sábháilteachta na mbreoslaí núicléacha le haghaidh córais imoibritheoirí is díol suime don Eoraip), ba cheart leanúint leis an tacaíocht atá á tabhairt ag an gclár taighde forlíontach don imoibritheoir ardfhlosca go dtí deireadh 2027.

(4) Mar gheall ar an tsainspéis atá acu in acmhainní ionradaíochta an imoibritheora ardfhlosca, tá cinneadh déanta ag NRG, an *Nuclear Research and consultancy Group V.O.F*, agus CEA, an *Commissariat à l'énergie atomique et aux énergies alternatives*, ina gcáil mar ghníomhaithe cur chun feidhme le haghaidh na France agus na hÍsiltíre

[1] Cinneadh (Euratom) 2020/960 ón gComhairle an 29 Meitheamh 2020 maidir le glacadh chlár taighde forlíontach 2020-2023 an imoibritheora ardfhlosca, a bheidh le cur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO L 144, 3.7.2020, Lch. 14). http://data.europa.eu/eli/dec/2020/960/oj).

faoi seach, clár taighde forlíontach 2024-2027 an imoibritheora ardfhlosca a mhaoiniú ina iomláine le ranníocaíochtaí a dhéantar le buiséad ginearálta an Aontais trí mheán ioncam sannta.

(5) Ba cheart oibriú an imoibritheora ardfhlosca a mhaoiniú leis na ranníocaíochtaí sin chun tacú le clár taighde agus le hoibriú agus cothabháil rialta an imoibritheora ardfhlosca. Má thugann an t-oibreoir NRG fógra oifigiúil maidir le dúnadh cinntitheach d'údarás náisiúnta rialála na hÍsiltíre sula ndéantar staid chaomhnaithe shábháilte a dhearbhú, ba cheart íocaíochtaí atá fós le déanamh agus aon ghlao ar chistí ón gCoimisiún a chur ar fionraí dá bharr.

(6) Chun leanúnachas a áirithiú idir na cláir thaighde fhorlíontacha agus oibriú rianúil chlár taighde forlíontach 2024-2027 an imoibritheora ardfhlosca, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.

(7) Sholáthair Bord Gobharnóirí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde a thuairim roimh ré[2] de bhun Airteagal 4(2) de Chinneadh 96/282/Euratom ón gCoimisiún[3].

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an gclár taighde forlíontach i dtaca le hoibriú an imoibritheora ardfhlosca in Petten ('an clár'), a leagtar a chuspóirí amach in Iarscríbhinn I, glacfar é ar feadh tréimhse 4 bliana dar tús 1 Eanáir 2024.

*Airteagal 2*

I dtaca leis na costais a bhaineann leis an gclár a fhorghníomhú, a mheastar ar fiú EUR 26 815 000 iad, déanfar iad a mhaoiniú ina n-iomláine as ranníocaíochtaí ón bhFrainc agus ón Ísiltír, trí *Commissariat à l'énergie atomique et aux énergies alternatives* (CEA) agus *Nuclear Research and consultancy Group V.O.F* (NRG) faoi seach. Leagtar amach miondealú an mhéid sin in Iarscríbhinn II. Measfar an ranníocaíocht sin a bheith ina hioncam sannta i gcomhréir le hAirteagal 21(2), pointe (a) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4].

*Airteagal 3*

1. Beidh an Coimisiún freagrach as an gclár a bhainistiú. Chuige sin, iarrfaidh sé cúnamh ar sheirbhísí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

2. Is é an Coimisiún a choinneoidh Bord Gobharnóirí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde ar an eolas maidir le cur chun feidhme an chláir.

[2] Tuairim an 7 Samhain 2024.

[3] Cinneadh 96/282/Euratom ón gCoimisiún an 10 Aibreán 1996 maidir le hatheagar a chur ar an Airmheán Comhpháirteach Taighde (IO L 107, 30.4.1996, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1996/282/oj).

[4] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

*Airteagal 4*

I gcás ina dtugann NRG fógra oifigiúil maidir le dúnadh cinntitheach an imoibritheora ardfhlosca d'údarás náisiúnta rialála na hÍsiltíre (sula ndéantar staid chaomhnaithe shábháilte a dhearbhú), cuirfear ar fionraí oibleagáidí na Fraince agus na hÍsiltíre, trí CEA agus NRG faoi seach, tuilleadh íocaíochtaí a dhéanamh agus, ina theannta sin, cuirfear ar fionraí aon ghlao ar chistí ón gCoimisiún faoin gCinneadh seo.

*Airteagal 5*

Nuair a bheidh deireadh leis an gclár le haghaidh 2024-2027, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil chríochnaitheach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo.

*Airteagal 6*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 7*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Clár taighde forlíontach 2024-2027 an imoibritheora ardfhlosca a bheidh le cur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Teideal 01: Taighde agus Nuálaíocht

Caibidil 01 20: Treoirthionscadail, gníomhaíochtaí ullmhúcháin, sainphribhléidí agus gníomhaíochtaí eile

Airteagal 01 20 03: Gníomhaíochtaí eile

Mír 01 20 03 05: Oibriú an imoibritheora ardfhlosca (HFR) — clár taighde forlíontach HFR

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[5]

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

### 1.4. Cuspóirí

#### *1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Tá ról tábhachtach ag an imoibritheoir ardfhlosca san Aontas Eorpach maidir le tacú le táirgeadh raidiseatóp míochaine, sna réimsí taighde a bhaineann le sábháilteacht aosú na stáisiún núicléach agus síneadh a chur lena saolré, le feabhas a chur ar shábháilteacht breosla, le bainistiú sábháilte ar dhramhaíl núicléach agus le hoiliúint.

Thairis sin, baintear úsáid sa taighde bunúsach as léasacha neodróin chun staidéar a dhéanamh ar struchtúr na n-ábhar. Tá an ghníomhaíocht sin á síorfhorbairt agus cuireann sí lenár dtuiscint ar shásraí díghrádúcháin agus conas iad a mhaolú a mhéid a bhaineann le sábháilteacht na stáisiún atá ann cheana. Faoi chuimsiú an chomhleá núicléach, cuireadh roinnt tionscadal chun feidhme chun ábhair struchtúrtha agus phórúcháin a thástáil le haghaidh imoibritheoirí flosca a bheidh ann amach anseo.

#### *1.4.2. Cuspóirí sonracha*

<u>Cuspóir sonrach</u>

Is é príomhchuspóir chlár forlíontach an imoibritheora ardfhlosca oibriú sábháilte agus iontaofa an imoibritheora ardfhlosca. Is éard atá i gceist leis an ngníomhaíocht

[5] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

sin gnáthúsáid a bhaint as an tsuiteáil ar feadh uastréimhse oibriúcháin, agus flosca neodrón a sheachadadh le haghaidh trialacha agus le haghaidh táirgeadh iseatóp míochaine.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Sonraí ionradaíochta agus torthaí turgnamhacha i raon leathan réimsí ar nós: sábháilteacht na n-imoibritheoirí núicléacha, forbairt agus táirgeadh raidiseatóp le haghaidh úsáid mhíochaine agus taighde míochaine, taighde maidir le hábhair comhleá núicléach, taighde agus oiliúint núicléach bhunúsach, saincheisteanna maidir le bainistiú dramhaíola agus breoslaí núicléacha le haghaidh glúin nua agus níos sábháilte de chórais imoibritheora.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Is iad oibleagáidí an Choimisiúin an clár taighde forlíontach a bhainistiú agus dá bharr sin tuairisciú a dhéanamh ar stádas teicniúil oibriú an imoibritheora, ar a úsáid eolaíoch, agus ar a staid bhuiséadach. Ullmhóidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde tuarascáil chríochnaitheach agus cumhdófar ann na nithe a leanas:

- tuairisciú teicniúil ina soláthrófar sonraí oibríochtúla an imoibritheora ardfhlosca;
- tuairisc achomair ar na príomhéachtaí eolaíocha;
- stádas na ngníomhaíochtaí cothabhála agus deisiúcháin;
- stádas buiséadach a mhéid a bhaineann leis an ioncam ó na Ballstáit agus le húsáid bhuiséad an chláir taighde fhorlíontaigh (lena n-áirítear forálacha le haghaidh díchomisiúnú, costais bhainistíochta, íocaíocht leis an oibreoir, etc.).

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Tá sé d'aidhm ag an imoibritheoir ardfhlosca tacú le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha na mBallstát rannpháirteach sna réimsí seo a leanas: sábháilteacht na suiteálacha núicléacha agus an timthrialla breosla, bainistiú dramhaíola, comhleá teirmeanúicléach, taighde bunúsach agus inniúlachtaí oiliúna.

Tá baint ag an imoibritheoir ardfhlosca i gcónaí le sábháilteacht imoibritheoirí a fheabhsú. Maidir le comhordú iarrachtaí, craobhscaoileadh torthaí agus tacú leis an gcomhchuibhiú, is trí líonraí Eorpacha a dhéantar iad siúd.

Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag an imoibritheoir ardfhlosca raidiseatóip mhíochaine a sholáthar

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, éifeachtacht mhéadaithe nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Breisluach ghníomhaíochtaí taighde an imoibritheora ardfhlosca, tá sé nasctha leis na hiarmhairtí trasteorann, leis an mbarainneacht scála agus le cuidiú chun infheistíochtaí náisiúnta sa taighde a laghdú.

Ina theannta sin, baintear leas as an imoibritheoir le haghaidh táirgeadh tráchtála raidiseatóp le haghaidh níos mó ná 65 % den 10 milliún diagnóis míochaine a dhéantar gach bliain san Eoraip. Is saoráid fhíorthábhachtach é le haghaidh earnáil sláinte na hEorpa (e.g. ospidéil, clinicí, dochtúirí...) toisc go mbaintear leas as na raidiseatóip i réimsí leighis éagsúla, go háirithe i gcás fáthmheas, cosc agus cóireáil ailse. Is beag rogha eile atá ann, toisc go dtáirgeann sé na hiseatóip ghearrshaolacha is mó úsáid faoi láthair. A bhuí lena shuíomh san Eoraip, seachadtar táirgeadh an imoibritheora go gasta chuig lárionaid leighis na hEorpa.

Ina theannta sin, tá údar maith le hidirghabháil ar an leibhéal Eorpach i ngeall ar an líon teoranta imoibritheoirí taighde núicléacha atá ar fáil san Aontas.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

An soláthar Teicnéitiaim (Tc-99m) atá ann faoi láthair chun críoch míochaine, tá sé ag brath ar líon ró-íseal imobritheoirí táirgthe, líon nach bhfuil inbhuanaithe, an t-imoibritheoir ardfhlosca san áireamh. Ós rud é gur tógadh na himoibritheoirí sin sna 1950idí agus sna 1960idí, tá siad ag druidim i dtreo dheireadh a saolré, rud a fhágann gur gá iad a dhúnadh níos minice agus níos minice le haghaidh cothabháil bheartaithe agus briseadh nach raibh beartaithe i dtáirgeadh. I lár mhí na Bealtaine 2009, loic ar Imoibritheoir NRU i gCeanada (táirgeoir iseatóp míochaine) agus bhí sé as feidhm don chuid eile de 2009, rud ba chúis le ganntanas leanúnach iseatóp míochaine ar fud an domhain. In 2010, dúnadh an t-imoibritheoir ardfhlosca chun an bhunlíneáil phlocóide a dheisiú. In 2015, cuireadh deireadh cinntitheach le himoibritheoir taighde Osiris sa Fhrainc. Chuir na himeachtaí sin isteach ar sholáthar na n-iseatóp míochaine. Le déanaí, in 2023, bhí tionchar diúltach ag roinnt imeachtaí suntasacha ar an soláthar freisin: moill ar fhilleadh chun seirbhíse imoibreoir taighde MARIA sa Pholainn, atosuithe moillithe an imoibritheora ardfhlosca mar gheall ar dheisiúcháin, agus moill ar oibríochtaí imoibreoir taighde SAFARI san Afraic Theas tar éis cothabháil phleanáilte.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

An clár taighde forlíontach atá molta, tabharfaidh sé aghaidh ar na dúshláin eolaíocha agus theicneolaíocha éagsúla a bhaineann le sábháilteacht na dteicneolaíochtaí núicléacha. Beidh gníomhaíochtaí aige a bhfuil dlúthbhaint acu le Clár Taighde agus Oiliúna Euratom de chuid Fís Eorpach (2021-2025) agus lena shíneadh (2026-2027).

Tugtar aghaidh ar dhíchoimisiúnú faoi dheireadh an imoibritheora ardfhlosca, mar shuiteáil taighde núicléach de chuid JRC i Rialachán (Euratom) 2021/100 lena mbunaítear clár airgeadais tiomnaithe chun saoráidí núicléacha a dhíchoimisiúnú agus chun dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú. Is le hoibriú sábháilte an imoibritheora amháin a bhaineann an Clár Forlíontach, agus ní imríonn sé tionchar ar an Rialachán

thuasluaite ón gComhairle, ní maidir leis an raon feidhme ná maidir leis an mbuiséad, agus ní imríonn an Rialachán tionchar air.

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Neamhbhainteach

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige**

☒ tréimhse theoranta

☒ i bhfeidhm ón 01/1/2024 go dtí an 31/12/2027

☒ Tionchar airgeadais ó 2024 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó 2024 go 2028 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ tréimhse neamhtheoranta

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[6]

☒ Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

☐ Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

☐ comhlachtaí dlí poiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

*I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

Is leis an gCoimisiún an t-imoibritheoir ardfhlosca i gcomhréir leis an gcomhaontú idir Euratom agus an Ísiltír an 25 Iúil 1961 (léas 99 mbliana). Tá oibriú an imoibritheora ardfhlosca faoi fhreagracht shealbhóir an cheadúnais oibriúcháin NRG (NL), rud a cheadaíonn oibriú/saothrú a dhéanamh bunaithe ar chóras dlí neamhspleách agus inbhuanaithe. Maidir leis an gclár taighde forlíontach, atá á bhainistiú ag an Airmheán

[6] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin BUDG: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

Comhpháirteach Taighde, soláthraíonn sé ioncam breise a dhírítear ar thaighde le haghaidh na mBallstát atá ag cur maoiniú ar fáil.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

Is iad oibleagáidí an Choimisiúin an clár taighde forlíontach a bhainistiú agus, dá bharr sin, tuairisciú a dhéanamh ar:

(i) stádas teicniúil oibriú an imoibritheora,

(ii) a úsáid eolaíoch,

(iii) a staid bhuiséadach a mhéid a bhaineann leis an ioncam airgeadais ó Bhallstáit agus

(iv) na híocaíochtaí a dhéantar.

Cuimsítear an clár i dtimthriall pleanála an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde agus sa phlean bliantúil bainistíochta. Dá bhrí sin, cuimseofar i dtuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde faireachán ar chuspóirí atá leagtha síos.

Thairis sin, ullmhóidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde tuarascáil chríochnaitheach. Beidh sé dírithe ar an gclár taighde forlíontach a bhainistiú, agus cuimseofar ann na nithe a leanas:

- tuairisciú teicniúil ina soláthrófar sonraí oibríochtúla an imoibritheora ardfhlosca;
- tuairisc achomair ar na príomhéachtaí eolaíocha;
- stádas na ngníomhaíochtaí cothabhála;
- stádas buiséadach a mhéid a bhaineann leis an ioncam ó na Ballstáit agus le húsáid bhuiséad an chláir taighde fhorlíontaigh (lena n-áirítear forálacha le haghaidh díchomisiúnú, costais bhainistíochta, etc.).

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Leis an gclár seo, leantar le clár taighde forlíontach a bhí ann cheana. Maidir le hullmhúchán an chláir, bhí sé faoi réir measúnú inmheánach ag na Ballstáit rannpháirteacha a rinne meastóireacht ar na rioscaí a bhaineann le bheith rannpháirteach ann.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Beidh an tuairisciú dírithe ar bhainistiú an chláir taighde fhorlíontaigh, agus cuimseofar ann na saincheisteanna teicniúla, eolaíocha agus buiséadacha (lena n-áirítear forálacha le haghaidh an díchoimisiúnaithe, etc.).

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Is oifigigh de chuid an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde a dhéanann an t-iniúchadh agus an rialú inmheánach ar an tuairisciú a luaitear thuas, agus na gnéithe teicniúla agus buiséadacha araon á gcuimsiú acu.

Áiritheofar leis an reachtaíocht go bhféadfaidh seirbhísí an Choimisiúin iniúchóireachtaí agus seiceálacha ar an láthair a chur i gcrích, lena n-áirítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), agus iad ag úsáid forálacha caighdeánacha a mholann OLAF.

I mí na Nollag 2022, nuashonraíodh straitéis frithchalaoise an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde d'fhonn rannchuidiú le nuashonrú straitéis frithchalaoise an Choimisiúin chun an mhodheolaíocht is déanaí atá ag OLAF a chur san áireamh.

Euratom agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach a chumhdaíonn rialú ar chúrsaíocht na n-ábhar inscoilte.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal/ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | An cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | Difreáilte/ Neamhdhifreáilte[7]. | ó thíortha de chuid CSTE[8] | ó thíortha is iarrthóirí[9] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 1a | **Airteagal 01 20 03 – Gníomhaíochtaí eile**<br>**Airteagal 01 20 03 05 - Oibriú an imoibritheora ardfhlosca - clár forlíontach an imoibritheora ardfhlosca** | LD | NÍL | NÍL | NÍL | TÁ |

Línte nua buiséid atá á n-iarraidh nach bhfuil ar fáil

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | An cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/ LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | [XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

7 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
8 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
9 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 1a | Iomaíochas maidir le fás agus fostaíocht |
|---|---|---|

| Ard-Stiúrthóireacht: an tAirmheán Comhphairteach Taighde | | | Bliain **2024**[10] | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **>-2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid[11] 01 20 03 05 | Gealltanais | (1a) | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | | **iontráil mheabhráin** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | **iontráil mheabhráin** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[12] | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | iontráil mheabhr | iontráil mheabh | iontráil mheabh | iontráil mheabhr | | **iontráil mheabhráin** |

10 Is í Bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta seo a leanas.

11 De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid oifigiúil le haghaidh 2020, le haghaidh na mblianta 2021-2023 atá le sonrú leis an ainmníocht le haghaidh chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027

12 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | áin | ráin | ráin | áin | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh AS** JRC | Gealltanais | =1a+1b +3 | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | . | **iontráil mheabhráin** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b +3 | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | **iontráil mheabhráin** |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | | **iontráil mheabhráin** |
| | Íocaíochtaí | (5) | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | **iontráil mheabhráin** |
| • IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | | **iontráil mheabhráin** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 1a** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | | **iontráil mheabhráin** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | **iontráil mheabhráin** |

**<u>Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin: neamhbhainteach</u>**

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| •IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN na leithreasuithe** | Gealltanais | =4+6 | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4**<br>den chreat airgeadais ilbhliantúil<br>(Méid tagartha) | Íocaíochtaí | =5+6 | | | | | | | | | |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 5 | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ a úsáid a iontráladh ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn V leis na rialacha inmheánacha), agus a uaslódáladh ar an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: <…….> | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | | | | neamhbhainteach |
| • Caiteachas riaracháin eile | | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | | | | neamhbhainteach |
| **IOMLÁN don Ard- Stiúrthóireacht** <…….> | Leithreasuithe | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | | | | neamhbhainteach |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | neamhbhainteach | | | | neamhbhainteach |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain N[13] | Bliain N+1 | Bliain N+2 | Bliain N+3 | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | | | | iontráil mheabhráin |
| | Íocaíochtaí | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | | | | iontráil mheabhráin |

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | ASCHUIR | | | | | | | | | | | |
| | Cineál[14] | Meánchostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[15]… | | | Oibriú sábháilte agus iontaofa an imoibritheora ardfhlosca | | | | | | | | | |
| - Aschur | Laethanta oibríochta lánchumhachta | neamhbhainteach | 250 | iontráil mheabhráin | 250 | iontráil mheabhráin | 250 | iontráil mheabhráin | 250 | iontráil mheabhráin | 1 000 | iontráil mheabhráin |

13 Is í Bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta seo a leanas.

14 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

15 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | 250 | iontráil mheabhráin | 250 | iontráil mheabhráin | 250 | iontráil mheabhráin | 250 | iontráil mheabhráin | 1 000 | iontráil mheabhráin |
| **IOMLÁN** | 250 | iontráil mheabhráin | 250 | iontráil mheabhráin | 250 | iontráil mheabhráin | 250 | iontráil mheabhráin | 1 000 | iontráil mheabhráin |

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N**[16] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5[17] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo- iomlán Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | |

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-

16 Is í Bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

17 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

☒ Ní éilítear sa togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

☐ Éilítear sa togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | | |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | | |
| XX 01 05 01/11/21 (Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 10 01 05 01/11 (Taighde díreach) | | | | | | | |
| • **Foireann sheachtrach (in aonad de Choibhéis Lánaimseartha: FTE)**[18] | | | | | | | |
| XX 01 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | | | |
| XX 01 02 02 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| **XX** 01 04 **bb** [19] - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| **XX** 01 04 **bb** [19] - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| **XX** 01 05 02/12/22 (AC, END, INT - Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 10 01 05 02/12 (AC, END, INT - Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Is é bainistiú an chláir fhorlíontaigh an t-aon chúram a chomhlíonann an tAirmheán Comhpháirteach Taighde. Comhlíontar é sin trí mheáin atá maoinithe go hiomlán ag ioncam sannta atá ag teacht as an gclár taighde forlíontach |
| Pearsanra seachtrach | Neamhbhainteach |

18 AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

19 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☐ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI).

☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

☐ is gá athbhreithniú ar CAI.

3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

☒ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Ísiltír | 5.440 | 6.925 | 6.925 | 6.925 | | | | 26.215 |
| An Fhrainc | 0.150 | 0.150 | 0.150 | 0.150 | | | | 0.600 |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | 5.590 | 7.075 | 7.075 | 7.075 | | | | 26.815 |

An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

☒ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☒ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☒

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[20] | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
| Mír 6221 | | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin |

| Mír 6 2 2 1 |
|---|
| Ioncam ó oibriú an imoibritheora ardfhlosca — Ioncam sannta |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| Maoinítear an clár taighde forlíontach le ranníocaíochtaí as na Ballstáit rannpháirteacha, á ríomh ar bhonn an bhuiséid sa tréimhse 2024-2027. |
|---|

[20] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. ollmhéideanna tar éis 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.